Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

12913/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0102(NLE)

AVIATION 123
RELEX 1174
USA 13
ISL 49
N 75

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt; agus maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Choimhdigh idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt; agus maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Choimhdigh idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú ón … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú maidir le hAeriompar idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, den pháirt eile[2] ('an Comhaontú maidir le hAeriompar'), an 25 agus an 30 Aibreán 2007 tar éis ghlacadh Chinneadh 2007/339/CE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle[3]. Tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 30 Márta 2008 agus tugadh i gcrích é trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/1110 ón gComhairle[4]. Tháinig sé i bhfeidhm an 29 Meitheamh 2020. Leasaíodh é leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a leasú, a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007[5] ('an Prótacal'), an 24 Meitheamh 2010, a tháinig i bhfeidhm an 5 Bealtaine 2022. Foráiltear leis an bPrótacal d'aontachas tríú tíortha leis an gComhaontú maidir le hAeriompar.

---

2 IO L 134, 25.5.2007, lch. 4.

3 Cinneadh 2007/339/CE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 25 Aibreán 2007 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir an Comhphobal Eorpach, ar thaobh amháin, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar an taobh eile (IO L 134, 25.5.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/339/oj).

4 Cinneadh (AE) 2020/1110 ón gComhairle an 23 Eanáir 2018 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, den pháirt eile (IO L 244, 29.7.2020, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1110/oj).

5 IO L 223, 25.8.2010, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2010/465/oj.

(2) Is comhaltaí lánpháirtithe de mhargadh eitlíochta na hEorpa iad an Íoslainn agus an Iorua tríd an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[6]. D'iarr siad aontachas leis an gComhaontú maidir le hAeriompar go foirmiúil in 2007. I gcomhréir le hAirteagal 18(5) den Chomhaontú maidir le hAeriompar, ag an gcruinniú a bhí aige an 16 Samhain 2010, mhol an Comhchoiste a bunaíodh faoin gcomhaontú sin Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt ('an Comhaontú Aontachais').

(3) Rinne an Coimisiún Comhaontú Coimhdeach a chaibidil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt ('an Comhaontú Coimhdeach').

---

[6] OJ L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

(4) Síníodh an Comhaontú Aontachais agus an Comhaontú Coimhdeach an 21 Meitheamh 2011, i gcomhréir le Cinneadh 2011/708/AE ón gComhairle agus Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle[7], agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach iad ó dháta a sínithe i leith.

(5) Ina breithiúnas an 28 Aibreán 2015 i gcás C-28/12, *an Coimisiún v an Chomhairle*[8] ('an breithiúnas'), chuir an Chúirt Bhreithiúnais Cinneadh 2011/708/AE ar neamhní ar an bhforas nach bhféadfadh an Chomhairle síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Aontachais agus an Chomhaontaithe Choimhdigh a údarú go dlíthiúil i ngníomh a glacadh in éineacht le hionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle. Choinnigh an Chúirt éifeachtaí Chinneadh 2011/708/AE ar bun go dtí teacht i bhfeidhm, laistigh de thréimhse réasúnta ón dáta a tugadh an breithiúnas, cinnidh nua atá le glacadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 218(5) agus (8) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

[7] Cinneadh 2011/708/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit den dara páirt, an Íoslainn den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua den cheathrú páirt; agus maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Choimhdigh idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt (IO L 283, 29.10.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/708/oj).

[8] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 28 Aibreán 2015, *An Coimisiún Eorpach* v *Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-28/12, ECLI:EU:C:2015:282.

(6) Chun an breithiúnas a chomhlíonadh, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/684[9] maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Aontachais agus an Chomhaontaithe Choimhdigh.

(7) Dhaingnigh na Ballstáit uile an Comhaontú Aontachais agus an Comhaontú Coimhdeach, cé is moite de Phoblacht na Cróite. Tá sé beartaithe go n-aontóidh Poblacht na Cróite leis an gComhaontú Aontachais agus leis an gComhaontú Coimhdeach i gcomhréir le hAirteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais 2011.

(8) Ba cheart an Comhaontú Aontachais agus an Comhaontú Coimhdeach a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[9] Cinneadh (AE) 2023/684 ón gComhairle an 20 Márta 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, agus maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Choimhdigh idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú, páirt maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt (IO L 89, 27.3.2023, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/684/oj).

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt ('an Comhaontú Aontachais')[10].

*Airteagal 2*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt ('an Comhaontú Coimhdeach')[11].

---

**10** Tá téacs an Chomhaontaithe Aontachais foilsithe in IO L 283, 29.10.2011, lch. 3.

**11** Tá téacs an Chomhaontaithe Choimhdigh foilsithe in IO L 283, 29.10.2011, lch. 16.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*